



An Bhruiséil, 20 Feabhra 2019  
(OR. en)

6220/19

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2018/0138(COD)**

---

**CODEC 350  
TRANS 89  
PE 34**

## **NÓTA FAISNÉISE**

|        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
|--------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle                                                                                                                                                                                                                                                           |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích<br>- Toradh ar chéad léamh Parlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Feabhra 2019) |

## **I. RÉAMHRÁ**

Thíolaic an rapóirtéir, Dominique RIQUET (ALDE, FR), tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht. Sa tuarascáil sin, bhí 51 leasú (leasuithe 1-51) ar an togra. Níor cuireadh síos aon leasú eile.

## II. VÓTÁIL

Nuair a caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 13 Feabhra 2019, ghlac an seisiún iomlánach na leasuithe 1- 51 ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo<sup>1</sup>.

---

---

<sup>1</sup> Rinneadh an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le **cló trom agus cló iodálach** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scríosadh leis an tsiombail "■".

**Bearta a chuíchóiriú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích \*\*\*I**

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích (COM(2018)0277 – C8-0192/2018 – 2018/0138(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0277),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0192/2018),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na Seicia, Bundestag na Gearmáine, Dáil Éireann agus Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A8-0015/2019),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup> creat coiteann maidir le gréasáin idir-inoibritheacha, ***úrscothacha*** a chruthú ar mhaithe le forbairt an mhargaidh inmheánaigh. Struchtúr dhá shraith atá ag na gréasáin thras-Eorpacha iompair (TEN-T): áirithítear leis an ngréasán cuimsitheach nascacht ***idir*** réigiúin uile ***an Aontais agus is éard atá sa chroíghréasán na gnéithe sin den ghréasán ar mó a dtábhacht straitéiseach don Aontas***. I Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, sainítear spriocanna ceangailteacha maidir leis an gcur chun feidhme: tá an croíghréasán le bheith tugtha chun críche faoi 2030 agus an gréasán cuimsitheach faoi 2050.

<sup>22</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlinnte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach

*Leasú*

(1) Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup> creat coiteann maidir le gréasáin idir-inoibritheacha, ***de dhá shraith, san Aontas, a bheadh faoi réir na saoránach***, a chruthú ar mhaithe le forbairt an mhargaidh inmheánaigh ***agus le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach an Aontais***. Struchtúr dhá shraith atá ag na gréasáin thras-Eorpacha iompair (TEN-T): ***is éard atá sa chroíghréasán ná na gnéithe sin den ghréasán ar mó a dtábhacht straitéiseach don Aontas, agus leis an ngréasán cuimsitheach áirithítear nascacht idir réigiúin uile an Aontais. Ba cheart don chroíghréasán feidhmiú mar luasaire trasteorann, ilmhódach i gcomhair limistéar iompair agus soghluaisteachta Eorpach aonair***. I Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, sainítear spriocanna ceangailteacha maidir leis an gcur chun feidhme: tá an croíghréasán le bheith tugtha chun críche faoi 2030 agus an gréasán cuimsitheach faoi 2050. ***De bhreis air sin, i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 díreann ar naisc thrasteorann lena bhfeabhsófar idir-inoibritheacht idir na modhanna iompair difriúla agus lena rannchuideofar le comhtháthú ilmhódach iompar an Aontais, agus ba cheart a chur san áireamh ann freisin dinimic na forbartha in earnáil an iompair agus i dteicneolaíochtaí nua amach anseo***.

<sup>22</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlinnte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach

iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

## Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) D'ainneoin an ghá atá ann agus na n-amlínte ceangailteacha, is léir ón taithí a fuarthas roimhe seo, i gcás a lán infheistíochtaí a bhfuil sé ina chuspóir leo TEN-T a thabhairt chun críche, go mbíonn nósanna imeachta casta le sárú acu maidir le deonú ceadanna, soláthar trasteorann agus eile. Fágann sin go mbíonn an baol ann nach gcuirfear tionscadail chun feidhme **in am agus** is minic moilleanna suntasacha agus ardú costais ann dá bharr sin. **D'fhonn dul i ngleic leis na saincheisteanna** sin agus **ionas go bhféadfar TEN-T** a thabhairt chun críche ar shlí shioncrónaithe, **tá gá le gníomhaíocht chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.**

#### *Leasú*

(2) D'ainneoin an ghá atá ann agus na n-amlínte ceangailteacha, is léir ón taithí a fuarthas roimhe seo, i gcás a lán infheistíochtaí a bhfuil sé ina chuspóir leo TEN-T a thabhairt chun críche, go mbíonn **roinnt** nósanna imeachta **malla, neamhléire agus** casta le sárú acu maidir le deonú ceadanna, soláthar trasteorann agus eile. Fágann sé sin go mbíonn an baol ann nach gcuirfear tionscadail chun feidhme **in am**, gur minic moilleanna suntasacha agus ardú costais a bheith ann, **go gcúisítear neamhchinnteacht do thionscnóirí tionscadail agus d'infheisteoirí príobháideacha ionchasacha, agus go bhféadfadh sé fiú go n-éireofaí as tionscadail i lár an phróisis. I bhfianaise na gcúinsí sin, chun TEN-T chríochnú ar shlí shioncrónaithe faoin spriocdháta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEopra agus ón gComhairle, tá gníomhaíocht chomhchuibhithe ag teastáil ar leibhéal an Aontais. De bhreis air sin, ba cheart do na Ballstáit a bpleananna bonneagair náisiúnta a chinneadh i gcomhréir le cuspóirí TEN-T.**

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2 a (nua)

*(2a) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le tionscadail de chuid an Aontais arna sainaithint mar thionscadail leasa choitinn faoi Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, a bhaineann le croighréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Is féidir le Ballstát a chinneadh freisin an raon feidhme a leathnú amach chun an gréasán cuimsitheach a chuimsiú.*

#### Leasú 4

##### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

(3) Faoi chuimsiú **creat dlíthiúil** cuid mhaith de na Ballstáit, tugtar tosaíocht do chatagóirí áirithe tionscadal ar bhonn a dtábhachta straitéisí don **gheilleagar**. Saintréithe de chuid na tosaíochta sin is ea amchláir níos giorra, nósanna imeachta comhuaineacha nó tréimhsí teoranta ama le haghaidh achomharc, agus é á áirithiú go mbaintear amach cuspóirí na mbeartas cothrománach eile freisin. Sa chás ina bhfuil **foráil déanta maidir leis sin faoi chuimsiú** creat dlíthiúil náisiúnta, ba cheart feidhm a bheith **aige** go huathoibríoch i leith tionscadail de chuid an Aontais arna sainaithint mar thionscadail leasa choitinn faoi Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013.

(3) **I gcórais dlí** cuid mhaith de na Ballstáit, tugtar tosaíocht do chatagóirí áirithe tionscadal ar bhonn a dtábhachta straitéisí don **Aontas**. Saintréithe de chuid na tosaíochta sin is ea amchláir níos giorra, nósanna imeachta comhuaineacha **agus/nó simplithe** nó tréimhsí teoranta ama **chun an nós imeachta um cheadú a chur i gcrích nó** le haghaidh achomharc, agus é á áirithiú go mbaintear amach cuspóirí na mbeartas cothrománach eile freisin. **I gcás inar ann sa chreat dlíthiúil náisiúnta do rialacha den chineál sin faoi thús áite a thabhairt**, ba cheart feidhm a bheith **acu** go huathoibríoch i leith tionscadail de chuid an Aontais arna sainaithint mar thionscadail leasa choitinn faoi Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013. **Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil rialacha den chineál sin faoi thús áite a thabhairt acu rialacha den chineál sin a ghlacadh.**

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) D'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht na measúnuithe comhshaoil agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta, i gcás ina n-eascraíonn an oibleagáid measúnuithe a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna comhshaoil tionscadal croíghréasáin go comhuaineach as Treoir 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE, agus as reachtaíocht eile de chuid an Aontais amhail Treoir 92/43/CEE, Treoir 2009/147/CE, Treoir 2000/60/CE, Treoir 2008/98/CE, Treoir 2010/75/AE, Treoir 2012/18/AE agus Treoir 2011/42/CE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar foráil maidir le nós imeachta comhpháirteach lena gcomhlíontar ceanglais na dTreoracha sin.

*Leasú*

(4) D'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht na measúnuithe comhshaoil agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta, i gcás ina n-eascraíonn an oibleagáid measúnuithe a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna comhshaoil tionscadal croíghréasáin go comhuaineach as Treoir 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE, agus as reachtaíocht eile de chuid an Aontais amhail Treoir 92/43/CEE, Treoir 2009/147/CE, Treoir 2000/60/CE, Treoir 2008/98/CE, Treoir 2010/75/AE, Treoir 2012/18/AE agus Treoir 2011/42/CE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar foráil maidir le nós imeachta comhpháirteach lena gcomhlíontar ceanglais na dTreoracha sin.

***Thairis sin, le measúnú luath a dhéanamh ar scóip na dtionchar comhshaoil agus plé luath a dhéanamh leis an údarás inniúil faoi ábhar na measúnuithe comhshaoil d'fhéadfaí na moilleanna a laghdú le linn chéim an cheadaithe agus feabhas ginearálta a chur ar cháilíocht na measúnuithe.***

## Leasú 6

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(4a) I bhfianaise an líon mór measúnuithe comhshaoil a eascraíonn ó Threoracha Eorpacha éagsúla agus ó***

*dhlíthe náisiúnta atá riachtanach do dheonú ceadanna ar thionscadail leasa choitinn a bhaineann le croíghréasán TEN-T, ba cheart don Aontas nós imeachta coiteann, simplithe agus lárnaithe a chur ar bun lena gcomhlíonfaí ceanglais na dTreoracha sin chun rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo arb é is aidhm leo ná an cuíchóiriú a dhéantar ar bhearta a mhéadú.*

## Leasú 7

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(5) *Ba cheart nósanna imeachta comhtháite um dheonú ceadanna a bheith ann chun tacú le tionscadail chroíghréasán ionas gur féidir bainistíocht shoiléir a dhéanamh ar an nós imeachta foriomlán agus chun pointe iontrála aonair a sholáthar d'infheisteoirí.***  
Ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil a ainmniú i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus lena gcórais riaracháin.

*Leasú*

**(5) Ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil aonair a ainmniú i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta agus lena gcórais riaracháin ionas go mbainfeadh na tionscadail a bhaineann leis an gcroíghréasán tairbhe as comhtháthú na nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus as pointe teagmhála aonair a bheith ann d'infheisteoirí, rud a éascódh bainistiú soiléir agus éifeachtach ar an nós imeachta cuimsitheach. I gcás inar gá, is féidir leis an údarás inniúil aonair a fhreagrachtaí, a oibleagáidí agus a chúraimí a tharmligeán chuig údarás eile ar an leibhéal iomchuí réigiúnach, áitiúil nó ar leibhéal riaracháin eile.**

## Leasú 8

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

(6) Ach údarás inniúil aonair a bhunú ar an leibhéal náisiúnta a dhéanfaidh comhtháthú ar na nósanna imeachta go léir um dheonú ceadanna (ionad ilfhreastail), ba cheart go laghdófaí castacht na nósanna imeachta, go bhfeabhsófaí a n-éifeachtúlacht agus go gcuirfí lena dtrédhearcacht. Ina theannta sin, ba cheart go bhfeabhsódh sé an comhar idir na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Ba cheart go gcuirfeadh na nósanna imeachta chun cinn comhar ceart idir infheisteoirí agus an t-údarás inniúil aonair agus dá bhrí sin go bhfágfaidís gur féidir an scóip a mheas sa chéim réamhiarratais den nós imeachta deonaithe ceadanna. Ba cheart an staidéar scóipe sin a chomhtháthú sa chur síos mionsonraithe ar an iarratas agus ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Threoir 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

(6) Ach údarás inniúil aonair a bhunú ar an leibhéal náisiúnta a dhéanfaidh comhtháthú ar na nósanna imeachta go léir um dheonú ceadanna (ionad ilfhreastail), ba cheart go laghdófaí castacht na nósanna imeachta, go bhfeabhsófaí a n-éifeachtúlacht agus **a gcomhordú agus go gcuirfí lena dtrédhearcacht agus lena luas agus le luas ghlacadh na gcinntí**. Ina theannta sin, ba cheart go bhfeabhsódh sé an comhar idir na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Ba cheart go gcuirfeadh na nósanna imeachta chun cinn comhar ceart idir infheisteoirí agus an t-údarás inniúil aonair agus dá bhrí sin go bhfágfaidís gur féidir an scóip a mheas sa chéim réamhiarratais den nós imeachta deonaithe ceadanna. Ba cheart an staidéar scóipe sin a chomhtháthú sa chur síos mionsonraithe ar an iarratas agus ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Threoir 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

## **Leasú 9**

### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6 a (nua)**

**(6a) I gcás ina meastar tionscadail leasa choitinn mar thionscadail tosaíochta an Aontais, d'fhéadfaí comhúdarás inniúil a bhunú arna chomhaontú ag údaráis inniúla aonair ó dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit nó ag na Ballstáit agus tríú tíortha, chun na dualgais arna n-eascairt ón Rialachán seo a chomhlíonadh.**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tabhairt chun críche chroíghréasán TEN-T, ba cheart teorainn ama a bheith ag gabháil leis an simpliú ar na nósanna imeachta deonaithe ceadanna, faoinar cheart do na húdaráis inniúla atá freagrach cinneadh cuimsitheach a dhéanamh maidir le tógáil an tionscadail. Ba cheart don teorainn ama sin láimhseáil níos éifeachtúla ar nósanna imeachta **a spreagadh**, agus níor cheart di, ar chúinse ar bith, an bonn a bhaint d'ardchaighdeáin an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil agus rannpháirtíocht phoiblí.

*Leasú*

(8) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tabhairt chun críche chroíghréasán TEN-T **faoi 2030**, ba cheart teorainn ama a bheith ag gabháil leis an simpliú ar na nósanna imeachta deonaithe ceadanna, faoinar cheart do na húdaráis inniúla atá freagrach cinneadh cuimsitheach a dhéanamh maidir le tógáil an tionscadail. Ba cheart don teorainn ama sin láimhseáil níos éifeachtúla ar nósanna imeachta **a áirithiú**, agus níor cheart di, ar chúinse ar bith, an bonn a bhaint d'ardchaighdeáin an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil agus rannpháirtíocht phoiblí. **Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail i dtéarmaí na gcritéar aibíochta i dtaca le roghnú tionscadal arna mbunú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa Ba cheart comhlíonadh na spriocdhátaí a leagtar síos sa Rialachán seo a chur san áireamh agus na meastóireachtaí sin á gcur i gcrích.**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Baineann dúshláin ar leith le tionscadail bhonneagair trasteorann TEN-T maidir le comhordú na nósanna imeachta deonaithe ceadanna. Ba cheart cumhacht a thabhairt do na Comhordaitheoirí Eorpacha chun faireachán a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin agus chun sioncrónú agus

*Leasú*

(10) Baineann dúshláin ar leith le tionscadail bhonneagair trasteorann TEN-T maidir le comhordú na nósanna imeachta deonaithe ceadanna. Ba cheart cumhacht a thabhairt do na Comhordaitheoirí Eorpacha **dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013** chun

tabhairt chun críche na nósanna imeachta a éascú.

faireachán a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin agus chun sioncrónú agus tabhairt chun críche na nósanna imeachta a éascú ***chun comhlíonadh na spriocdhátai a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú.***

## Leasú 12

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Ní bhíonn baint chórasach ag an gCoimisiún le húdarú tionscadal aonair. I gcásanna áirithe, áfach, bíonn gnéithe áirithe d'ullmhú tionscadail faoi réir imréiteach ar leibhéal an Aontais. I gcás ina bhfuil an Coimisiún páirteach sna nósanna imeachta, tabharfaidh sé tosaíocht do thionscadail leasa choitinn de chuid an Aontais agus áiritheoidh sé cinnteacht do thionscnóirí tionscadail. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh gá a bheith le formheas Státchabhrach. I gcomhréir leis an gCód Dea-Chleachtais maidir le seoladh nósanna imeachta i dtaobh rialú Státchabhrach, féadfaidh Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún déileáil le tionscadail leasa choitinn a bhaineann le croíghréasán TEN-T a mheasann siad ar cinn tosaíochta iad lena mbaineann amlínte níos intuatha faoi réir an chur chuige um punann cásanna nó pleanáil arna comhaontú go frithpháirteach.

#### *Leasú*

(12) Ní bhíonn baint chórasach ag an gCoimisiún le húdarú tionscadal aonair. I gcásanna áirithe, áfach, bíonn gnéithe áirithe d'ullmhú tionscadail faoi réir imréiteach ar leibhéal an Aontais. I gcás ina bhfuil an Coimisiún páirteach sna nósanna imeachta, tabharfaidh sé tosaíocht do thionscadail leasa choitinn de chuid an Aontais agus áiritheoidh sé cinnteacht do thionscnóirí tionscadail. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh gá a bheith le formheas Státchabhrach. ***Gan dochar do na spriocdhátai a leagtar síos sa Rialachán seo agus*** i gcomhréir leis an gCód Dea-Chleachtais maidir le seoladh nósanna imeachta i dtaobh rialú Státchabhrach, ***ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann*** a iarraidh ar an gCoimisiún déileáil le tionscadail leasa choitinn a bhaineann le croíghréasán TEN-T a mheasann siad ar cinn tosaíochta iad le hamlínte níos intuatha faoi réir an chur chuige um punann cásanna nó na pleanála arna comhaontú go frithpháirteach.

## Leasú 13

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13

(13) Ba cheart tacú le cur chun feidhme tionscadail bhonneagair a bhaineann le croíghréasán TEN-T freisin le treoirlínte ón gCoimisiún lena soláthraítear soiléireacht bhreise i dtaobh cur chun feidhme cineálacha áirithe tionscadal agus urraim á thabhairt d'acuis an Aontais an tráth céanna. Mar shampla, sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar<sup>23</sup> déantar foráil maidir le treoirlínte den sórt sin chun soiléireacht bhreise a sholáthar i dtaobh urramú na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga. Ba cheart tacaíocht dhíreach a bhaineann le soláthar poiblí a chur ar fáil i leith tionscadail leasa choitinn lena áirithiú go mbainfear an luach is fearr as airgead poiblí<sup>24</sup>. Ina theannta sin, ba cheart cúnamh teicniúil iomchuí a chur ar fáil faoi na sásraí a forbraíodh i gcomhair an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, d'fhonn tacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadail leasa choitinn TEN-T.

---

<sup>23</sup> COM(2017)0198.

<sup>24</sup> COM(2017)0573.

(13) Ba cheart tacú le cur chun feidhme tionscadail bhonneagair a bhaineann le croíghréasán TEN-T freisin le treoirlínte ón gCoimisiún lena soláthraítear soiléireacht bhreise i dtaobh cur chun feidhme cineálacha áirithe tionscadal agus urraim á thabhairt d'acuis an Aontais an tráth céanna. Mar shampla, sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar<sup>23</sup> déantar foráil maidir le treoirlínte den sórt sin chun soiléireacht bhreise a sholáthar i dtaobh urramú na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga. Ba cheart tacaíocht dhíreach a bhaineann le soláthar poiblí a chur ar fáil i leith tionscadail leasa choitinn lena áirithiú ***go n-íoslaghdófai costais sheachtracha agus*** go mbainfi an luach is fearr as airgead poiblí<sup>24</sup>. Ina theannta sin, ba cheart cúnamh teicniúil iomchuí a chur ar fáil faoi na sásraí a forbraíodh i gcomhair an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, d'fhonn tacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadail leasa choitinn TEN-T.

---

<sup>23</sup> COM(2017)0198.

<sup>24</sup> COM(2017)0573.

## Leasú 14

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart na nósanna imeachta riaracháin ar cuireadh tús leo roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo.

*Leasú*

(15) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, níor cheart na nósanna imeachta riaracháin ar cuireadh tús leo roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, ***ach amháin má chinntear a mhalairt le comhaontú uathu siúd lena mbaineann.***

## Leasú 15

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Leis an Rialachán seo, leagtar amach na ceanglais is infheidhme maidir leis na nósanna imeachta riaracháin a leanann údarais inniúla na mBallstát i ndáil le húdarú agus le cur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn go léir a bhaineann le croíghréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.

*Leasú*

Leis an Rialachán seo, leagtar amach na ceanglais is infheidhme maidir leis na nósanna imeachta riaracháin a leanann údarais inniúla na mBallstát i ndáil le húdarú agus le cur chun feidhme na dtionscadal leasa choitinn go léir a bhaineann le croíghréasán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair ***maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, lena n-áirítear na tionscadail réamhroghnaithe a liostaítear i gCuid III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán lena bhunaítear ‘an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa’ 2021-2027.***

## Leasú 16

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cur i bhfeidhm fhorálacha uile an Rialacháin seo a leathnú amach, mar bhloc, chun tionscadail leasa choitinn maidir leis an ngréasán cuimsitheach den ghréasán tras-Eorpach iompair a chuimsiú.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) ciallaíonn "cinneadh cuimsitheach" an cinneadh nó an bailiúchán cinntí a ghlacann údarás ***nó údaráis*** de chuid Ballstáit, gan cúirteanna ná binsí san áireamh, lena gcinntear cibé acu atá nó nach bhfuil údarú le deonú do thionscnóir tionscadail chun an bonneagar iompair a thógáil is gá chun tionscadal a thabhairt chun críche, gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin;

(a) ciallaíonn "cinneadh cuimsitheach" an cinneadh nó an bailiúchán cinntí a ghlacann ***údarás inniúil aonair Ballstáit, agus i gcás inarb infheidhme, an comhúdarás inniúil, ach*** gan cúirteanna ná binsí a bheith san áireamh, lena gcinntear cibé acu atá nó nach bhfuil údarú le deonú do thionscnóir tionscadail chun an bonneagar iompair a thógáil is gá chun tionscadal a thabhairt chun críche, gan dochar d'aon chinneadh a ghlacfar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin;

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) ciallaíonn "nósanna imeachta deonaithe ceadanna" gach nós imeachta nach mór a leanúint nó gach beart nach mór a dhéanamh os comhair údaráis

(b) ciallaíonn "nósanna imeachta deonaithe ceadanna" gach nós imeachta nach mór a leanúint nó gach beart nach mór a dhéanamh os comhair údaráis

Bhallstáit, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, sular féidir leis an tionscnóir tionscadail an tionscadal a chur chun feidhme;

***inniúla*** Bhallstáit, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, sular féidir leis an tionscnóir tionscadail an tionscadal a chur chun feidhme ***agus a thosóidh ón dáta a shíneoidh údarás inniúil aonair an Bhallstáit an fógra faoin gcomhad a ghlacadh;***

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ciallaíonn "tionscnóir tionscadail" ***an t-iarratasóir*** ar údarú ***le haghaidh tionscadal príobháideach nó an t-údarás poiblí a dhéanann tionscadal a thionscnamh;***

*Leasú*

(c) ciallaíonn “tionscnóir tionscadail” ***aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach poiblí ní príobháideach a chuireann iarratas isteach ar údarú chun tionscadal a thionscnamh;***

## Leasú 20

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) ciallaíonn "údarás inniúil aonair" an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát mar údarás atá freagrach as comhlíonadh na ndualgas a eascróidh as an Rialachán seo;

*Leasú*

(d) ciallaíonn "údarás inniúil aonair" an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát, ***i gcomhréir lena dhlí náisiúnta,*** mar údarás atá freagrach as comhlíonadh na ndualgas a eascróidh as an Rialachán seo;

## Leasú 21

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe e a (nua)

*(ea) ciallaíonn “comhúdarás inniúil” údarás arna bhunú trí chomhaontú frithpháirteach idir an t-údarás inniúil aonair ó dhá Bhallstát nó níos mó nó ó Bhallstát amháin nó níos mó agus ó thríú tír amháin nó níos mó, atá i bhfeighil éascú na nósanna imeachta um dheonú ceadanna maidir le tionscadail trasteorann leasa choitinn.*

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 3 – mír 1**

1. Beidh gach tionscadal leasa choitinn a bhaineann le croighréasán TEN-T faoi réir nós imeachta comhtháite um dheonú ceadanna arna bhainistiú ag údarás inniúil aonair arna ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 6.

1. Beidh gach tionscadal leasa choitinn a bhaineann le croighréasán TEN-T, **lena n-áirítear na codanna réamhroghnaithe i gCuid III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán lena bhunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa**, faoi réir nós imeachta comhtháite um dheonú ceadanna arna bhainistiú ag údarás inniúil aonair arna ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 6.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 3 – mír 3**

3. Chun nósanna imeachta riaracháin éifeachtúla a áirithiú maidir le tionscadail leasa choitinn, áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus gach údarás lena

3. Chun nósanna imeachta riaracháin éifeachtúla **agus éifeachtacha** a áirithiú maidir le tionscadail leasa choitinn, áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus

mbaineann go ndéanfar na tionscadail sin a láimhseáil chomh gasta is féidir ó thaobh an dlí de, lena n-áirítear maidir le leithdháileadh na n-acmhainní.

gach údarás lena mbaineann go ndéanfar na tionscadail sin a láimhseáil chomh gasta is féidir ó thaobh an dlí de, lena n-áirítear maidir le ***meastóireacht ar critéir aibíochta i dtaca le roghnú tionscadal agus ar leithdháileadh na n-acmhainní.***

## Leasú 24

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. D'fhonn cloí leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 6 agus laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a thabhairt chun críche, déanfar comhtháthú ar na nósanna imeachta ***riaracháin*** go léir a eascraíonn as an dlí is infheidhme, ***idir*** an dlí náisiúnta agus dlí ***an*** Aontais, agus ní bheidh ach aon chinneadh cuimsitheach amháin ina thoradh orthu.

*Leasú*

1. D'fhonn cloí leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 6 agus laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a thabhairt chun críche, déanfar comhtháthú ar na nósanna imeachta ***deonaithe ceadanna*** go léir a eascraíonn as an dlí is infheidhme, ***lena n-áirítear na measúnuithe comhshaoil ábhartha, ar leibhéal*** an dlí náisiúnta agus ***dhlí an*** Aontais ***araon***, agus ní bheidh ach aon chinneadh cuimsitheach amháin ina thoradh orthu, ***gan dochar do thrédhearcacht, rannpháirtíocht an phobail, ná do cheanglais chomhshaoil agus sábháilteachta faoi dhlí aon Aontais.***

## Leasú 25

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás tionscadail leasa choitinn lena mbaineann an oibleagáid measúnuithe a

*Leasú*

2. ***Gan dochar do na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 6 den***

dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol, ar oibleagáid í a eascraíonn go comhuaineach as Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus as dlí eile de chuid an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil maidir le nósanna imeachta comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 2(3) de Threoir 2011/92/AE.

**Rialachán seo**, i gcás tionscadail leasa choitinn lena mbaineann an oibleagáid measúnuithe a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol, ar oibleagáid í a eascraíonn go comhuaineach as Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus as dlí eile de chuid an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil maidir le nósanna imeachta comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 2(3) de Threoir 2011/92/AE.

## Leasú 26

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Faoi.... (OP cuir isteach an dáta ar a mbeidh bliain caite ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le do thoil), ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil aonair amháin a bheidh freagrach as an **bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú lena n-áirítear** freagracht as an gcinneadh cuimsitheach a dhéanamh.

*Leasú*

1. **Faoi.... [bliain amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus i gcás ar bith nach déanaí ná 31 Nollaig 2020**, ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil aonair amháin a bheidh freagrach as **na nósanna imeachta deonaithe ceadanna is gá** chun an cinneadh cuimsitheach a dhéanamh **a éascú, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo**.

## Leasú 27

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Féadfar freagracht** an údaráis inniúil aonair **dá dtagraítear i mír 1** agus/nó na cúraimí a bhaineann léi a tharmligean

*Leasú*

**Ar thionscnamh ón** an údarás inniúil aonair**féadfar a fhreagrachtaí, a oibleagáidí** agus/nó na cúraimí a bhaineann

chuig údarás eile ar an leibhéal iomchuí riaracháin ***nó féadfaidh*** údarás eile na cúraimí sin a thabhairt chun críche, do gach tionscadal leasa choitinn ar leith nó gach catagóir tionscadal leasa choitinn ar leith, faoi na coinníollacha seo a leanas:

léi, ***amhail dá dtagraítear i mír 1, le comhaontú ón mBallstát***, a tharmligean chuig údarás eile ar an leibhéal iomchuí ***réigiúnach, áitiúil nó ar leibhéal riaracháin eile agus féadfaidh an t-údarás eile sin*** na cúraimí sin a thabhairt chun críche, do gach tionscadal leasa choitinn ar leith nó gach catagóir tionscadal leasa choitinn ar leith, ***cé is moite de chinneadh cuimsitheach dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a dhéanamh***, faoi na coinníollacha seo a leanas:

## Leasú 28

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) nach bhfuil ach údarás amháin freagrach ***as aon tionscadal leasa choitinn amháin***;

*Leasú*

(a) nach bhfuil ach údarás ***inniúil*** amháin freagrach ***as aon tionscadal leasa choitinn amháin***;

## Leasú 29

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) gurb é an t-údarás sin an t-aon phointe teagmhála atá ag an tionscnóir tionscadail sa nós imeachta as a n-eascraíonn an cinneadh cuimsitheach i leith tionscadal leasa choitinn áirithe, agus

*Leasú*

(b) gurb é an t-údarás ***inniúil*** sin an t-aon phointe teagmhála atá ag an tionscnóir tionscadail sa nós imeachta as a n-eascraíonn an cinneadh cuimsitheach i leith tionscadal leasa choitinn áirithe, agus

## Leasú 30

### Togra le haghaidh rialacháin

## Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) go gcomhordaíonn an t-údarás cur isteach na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha ar fad.

*Leasú*

(c) go gcomhordaíonn an t-údarás **inniúil** cur isteach na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha ar fad.

### Leasú 31

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Is é an cinneadh cuimsitheach a eiseoidh an t-údarás inniúil an t-aon chinneadh ceangailteach ó thaobh dlí de a thig ón nós imeachta **reachtúil** deonaithe ceadanna. I gcás ina mbaineann údaráis eile leis an tionscadal, is féidir leo a dtuairim a thabhairt i ndáil leis an nós imeachta, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. **Cuirfidh** an t-údarás inniúil aonair **an tuairim sin san áireamh**.

*Leasú*

Is é an cinneadh cuimsitheach a eiseoidh an t-údarás inniúil an t-aon chinneadh ceangailteach ó thaobh dlí de a thig ón nós imeachta deonaithe ceadanna. **Gan dochar do na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo**, i gcás ina mbaineann údaráis eile leis an tionscadal, is féidir leo a dtuairim a thabhairt i ndáil leis an nós imeachta, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. **Ceanglaítear ar** an údarás inniúil aonair **na tuairimí sin a chur san áireamh, go háirithe má bhaineann siad leis na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i dTreoir 92/43/CEE**.

### Leasú 32

#### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Agus an cinneadh cuimsitheach á dhéanamh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil aonair go n-urramófar na ceanglais

*Leasú*

4. Agus an cinneadh cuimsitheach á dhéanamh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil aonair go n-urramófar na ceanglais

ábhartha faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais agus tabharfaidh sé údar cuí leis an gcinneadh.

ábhartha faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais agus tabharfaidh sé údar cuí leis an gcinneadh *ar bhonn na bhforálacha dlí is infheidhme*.

## Leasú 33

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. ***Má*** cheanglaítear le tionscadal leasa choitinn gur gá cinntí a dhéanamh in dhá Bhallstát nó níos mó, déanfaidh na húdaráis inniúla faoi seach gach beart is gá chun comhar agus comhordú éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú eatarthu féin. Gan dochar d'oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, féachfaidh na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta comhpháirteacha, go háirithe maidir le measúnú ar thionchair chomhshaoil.

*Leasú*

5. ***I gcás ina*** gceanglaítear le tionscadal leasa choitinn gur gá cinntí a dhéanamh in dhá Bhallstát nó níos mó, ***nó i mBallstát amháin nó níos mó agus i dtríú tír amháin nó níos mó***, déanfaidh na húdaráis inniúla faoi seach gach beart is gá chun comhar agus comhordú éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú eatarthu féin, ***nó féadfaidh siad comhúdarás inniúil a bhunú, gan dochar do na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 6, a bheadh i bhfeighil ar an nós imeachta deonaithe ceadanna a éascú***. Gan dochar d'oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, féachfaidh na Ballstáit le foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta comhpháirteacha, go háirithe maidir le measúnú ar thionchair chomhshaoil.

## Leasú 34

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 5 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

5a. ***Chun cur chun feidhme éifeachtúil an Rialacháin seo a áirithiú, agus go háirithe Airteagal 6(a) de, déanfaidh an t-údarás inniúil aonair dáta tosaithe an nós***

*imeachta deonaithe ceadanna agus an cinneadh cuimsitheach, mar a leagtar amach in Airteagal 6, a chur in iúl don Choimisiún.*

## Leasú 35

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I bprionsabal, ní bheidh níos mó ná **dhá bhliain** i gceist leis an gcéim réamhiarratais, ó thús an nós imeachta deonaithe ceadanna go dtí cur isteach an chomhaid iarratais iomláin chuig an údarás inniúil aonair.

*Leasú*

2. I bprionsabal, ní bheidh níos mó ná **18 mí** i gceist leis an gcéim réamhiarratais, ó thús an nós imeachta deonaithe ceadanna go dtí cur isteach an chomhaid iarratais iomláin chuig an údarás inniúil aonair.

## Leasú 36

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Chun tús a chur leis an nós imeachta deonaithe ceadanna, tabharfaidh an tionscnóir tionscadail fôgra faoin tionscadal **i scríbhinn** d'údarás inniúil aonair na mBallstát lena mbaineann, agus áireofar ann cur síos mionsonraithe ar an tionscadal. Tráth nach déanaí ná **dhá mhí** tar éis dó an fôgra thuasluaite a fháil, **admhóidh** an t-údarás inniúil é, nó, má mheasann sé nach bhfuil an tionscadal sách forbartha le dul isteach sa nós imeachta deonaithe ceadanna, diúltóidh sé don fhógra i scríbhinn. Má chinneann an t-údarás inniúil aonair diúltú don fhógra, tabharfaidh sé údar leis an gcinneadh. Is é an dáta ar a síníonn an t-údarás inniúil admháil an fhógra dáta tosaigh an nós

*Leasú*

3. Chun tús a chur leis an nós imeachta deonaithe ceadanna, tabharfaidh an tionscnóir tionscadail fôgra faoin tionscadal **i scríbhinn** d'údarás inniúil aonair na mBallstát lena mbaineann, **nó, i gcás inarb iomchuí, don chomhúdarás inniúil**, agus áireofar ann cur síos mionsonraithe ar an tionscadal. Tráth nach déanaí ná **mí amháin** tar éis dó an fôgra thuasluaite a fháil, **glacfaidh** an t-údarás inniúil **leis**, nó, má mheasann sé nach bhfuil an tionscadal sách forbartha le dul isteach sa nós imeachta deonaithe ceadanna, diúltóidh sé don fhógra i scríbhinn. Má chinneann an t-údarás inniúil aonair diúltú don fhógra, tabharfaidh sé údar leis an gcinneadh. Is é an dáta ar a

imeachta deonaithe ceadanna. Más rud é go bhfuil dhá Bhallstát nó níos mó i gceist, is é an dáta ar a nglacann an t-údarás inniúil lena mbaineann leis an bhfógra deiridh dáta tosaigh an nós imeachta deonaithe ceadanna.

síníonn an t-údarás inniúil admháil an fhógra dáta tosaigh an nós imeachta deonaithe ceadanna. Más rud é go bhfuil dhá Bhallstát nó níos mó i gceist, is é an dáta ar a nglacann an t-údarás inniúil lena mbaineann leis an bhfógra deiridh dáta tosaigh an nós imeachta deonaithe ceadanna.

## Leasú 37

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Laistigh de **thrí** mhí ó thús an nós imeacht deonaithe ceadanna, déanfaidh an t-údarás inniúil aonair, i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus le húdaráis eile lena mbaineann, agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis arna cur isteach ag an tionscnóir tionscadal ar bhonn an fhógra dá dtagraítear i mír 3, cur síos mionsonraithe ar an iarratas a ullmhú agus a chur in iúl don tionscnóir tionscadail, ina mbeidh:

*Leasú*

4. Laistigh de **dhá** mhí ó thús an nós imeacht deonaithe ceadanna, déanfaidh an t-údarás inniúil aonair, **nó i gcás inarb iomchuí, an comhúdarás inniúil**, i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus le húdaráis eile lena mbaineann, agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis arna cur isteach ag an tionscnóir tionscadal ar bhonn an fhógra dá dtagraítear i mír 3, cur síos mionsonraithe ar an iarratas a ullmhú agus a chur in iúl don tionscnóir tionscadail, ina mbeidh:

## Leasú 38

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 4 – pointe -a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(-a) an t-údarás inniúil, ar an leibhéal riaracháin iomchuí, atá ina fheighil, i gcás tarmligeán ón údarás inniúil aonair i gcomhréir le hAirteagal 5(2);**

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 4 – pointe b – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

- (i) na cinntí **agus** na tuairimí atá le fáil;

*Leasú*

- (i) na cinntí, **na ceadanna**, na tuairimí **agus na measúnuithe** atá le fáil;

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 4 – pointe b – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

- (ii) na húdaráis, na páirtithe leasmhara agus an pobal ar dóigh dóibh a bheith i gceist;

*Leasú*

- (ii) na húdaráis, na páirtithe leasmhara agus an pobal ar dóigh dóibh a bheith i gceist **agus/nó ar dóigh go rachfar i gcomhairle leo**;

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 4 – pointe b – pointe iv**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

- (iv) garspriocanna móra atá le baint amach agus na spriocdhátaí a bhaineann leo i bhfianaise an chinnidh chuimsithigh atá le déanamh;

*Leasú*

- (iv) garspriocanna móra atá le baint amach agus na spriocdhátaí a bhaineann leo i bhfianaise an chinnidh chuimsithigh atá le déanamh, **agus an tráthchlár foriomlán atá beartaithe**;

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 6**

6. Cuirfidh an tionscnóir tionscadail isteach an comhad iarratais ar bhonn an chur síos mionsonraithe ar an iarratas laistigh de **21** mhí ón gcur síos mionsonraithe sin ar an iarratas a fháil. Tar éis don tréimhse sin dul in éag, ní mheasfar go bhfuil an cur síos mionsonraithe ar an iarratas infheidhme a thuilleadh, mura rud é go gcinntídh an t-údarás inniúil aonair síneadh a chur leis an tréimhse sin, ar bhonn iarraidh réasúnaithe ón tionscnóir tionscadail.

6. Cuirfidh an tionscnóir tionscadail isteach an comhad iarratais ar bhonn an chur síos mionsonraithe ar an iarratas laistigh de **15** mhí ón gcur síos mionsonraithe sin ar an iarratas a fháil. Tar éis don tréimhse sin dul in éag, ní mheasfar go bhfuil an cur síos mionsonraithe ar an iarratas infheidhme a thuilleadh, mura rud é go gcinntídh an t-údarás inniúil aonair, **ar a thionscnamh féin**, síneadh **6 mhí ar a mhéad** a chur leis an tréimhse sin, ar bhonn iarraidh réasúnaithe ón tionscnóir tionscadail.

#### **Leasú 43**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 8**

8. Déanfaidh an t-údarás inniúil aonair measúnú ar an iarratas agus glacfaidh sé cinneadh cuimsitheach laistigh de thréimhse **bliana amháin** ón dáta a chuirtear isteach an comhad iarratais iomlán i gcomhréir le mír 7. Féadfaidh na Ballstáit teorainn ama níos luaithe a leagan síos, i gcás inarb iomchuí.

8. Déanfaidh an t-údarás inniúil aonair measúnú ar an iarratas agus glacfaidh sé cinneadh cuimsitheach **ceangailteach** laistigh de thréimhse **sé mhí** ón dáta a chuirtear isteach an comhad iarratais iomlán i gcomhréir le mír 7, **ach amháin má chineann an t-údarás inniúil aonair, ar a thionscnamh féin**, síneadh **trí mhí ar a mhéad a chur leis an tréimhse sin agus bunús a thabhairt lena chinneadh**. Féadfaidh na Ballstáit teorainn ama níos luaithe a leagan síos, i gcás inarb iomchuí.

#### **Leasú 44**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 a (nua)**

***Airteagal 6 a***

***Nós imeachta deonaithe ceadanna agus  
cúnamh airgeadais ón Aontas***

- 1. I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán seo, cuirfear san áireamh staid dhul chun cinn an tionscadail agus meastóireacht á déanamh ar thionscadail de réir critéir aibíochta i dtaca le roghnú tionscadal a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) .../... [lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa].***
- 2. Beidh moilleanna a tharlaíonn maidir leis na céimeanna agus na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 6 ina n-údar imscrúdú ar staid dhul chun cinn an tionscadail agus athbhreithniú ar an gcúnamh airgeadais arna fháil ag an Aontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) .../... [CEF] agus d'fhéadfadh sé go mbeadh laghdú ar chúnamh airgeadais nó tarraingt siar cúnaimh airgeadais ina toradh air sin.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 1**

1. I gcás tionscadail a bhfuil baint ag dhá Bhallstát nó níos mó leo, cuirfidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann a gcuid amchlár ar chomhréim agus comhaontóidh siad sceideal comhpháirteach.

1. I gcás tionscadail a bhfuil baint ag dhá Bhallstát nó níos mó leo ***nó ag Ballstát amháin nó níos mó agus tríú tír amháin nó níos mó leo***, cuirfidh údarais inniúla na mBallstát lena mbaineann a gcuid amchlár ar chomhréim agus comhaontóidh siad sceideal comhpháirteach.

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Sna cásanna sin, chun an nós imeachta deonaithe ceadanna a éascú, féadfaidh údaráis inniúla aonair ó dhá Bhallstát nó níos mó nó ó Bhallstát amháin nó níos mó agus tríú tír amháin nó níos mó, trí chomhaontú frithpháirteach, comhúdarás inniúil a bhunú, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 5(5).***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Tabharfar de chumhacht don Chomhordaitheoir Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 súil ***ghéar*** a choinneáil ar an nós imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail trasteorann leasa choitinn agus an comhar idir na húdaráis inniúla lena mbaineann a éascú.

2. Tabharfar de chumhacht don Chomhordaitheoir Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 súil a choinneáil ar an nós imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail trasteorann leasa choitinn agus ***teagmháil agus comhar*** a éascú idir na húdaráis inniúla lena mbaineann nó, ***i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhúdarás inniúil.***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Gan dochar don oibleagáid na teorainneacha ama faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, mura ndéanfar an teorainn ama i leith an chinnidh chuimsithigh a urramú, cuirfidh an t-údarás inniúil an Comhordaitheoir Eorpach lena mbaineann ar an eolas láithreach faoi na bearta a glacadh nó a ghlacfar chun an nós imeachta deonaithe ceadanna a thabhairt chun críche a luaithe is féidir. Féadfaidh an Comhordaitheoir Eorpach a iarraidh ar an údarás inniúil tuairisc rialta a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

3. Gan dochar don oibleagáid na teorainneacha ama faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, mura ndéanfar an teorainn ama i leith an chinnidh chuimsithigh a urramú, cuirfidh an t-údarás inniúil ***aonair an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí,*** an Comhordaitheoir Eorpach lena mbaineann ar an eolas láithreach faoi na bearta a glacadh nó a ghlacfar chun an nós imeachta deonaithe ceadanna a thabhairt chun críche a luaithe is féidir. Féadfaidh ***an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí,*** an Comhordaitheoir Eorpach a iarraidh ar an údarás inniúil ***aonair*** tuairisc rialta a thabhairt ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.

## Leasú 49

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 8 – mír 2

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina bhfuil na nósanna imeachta soláthair á seoladh ag eintiteas comhpháirteach a chuir na Ballstáit rannpháirteacha ar bun, cuirfidh an t-eintiteas sin i bhfeidhm forálacha náisiúnta ceann de na Ballstáit sin agus, de mhaolú ar na Treoracha sin, is éard a bheidh sna forálacha sin na forálacha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 57(5) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó pointe (a) d'Airteagal 39(5) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir mar is infheidhme, mura mbeidh comhaontú ann idir na Ballstáit rannpháirteacha lena bhforáiltear a mhalairt. Déanfar foráil i gcomhaontú den sórt sin, ar chaoi ar bith, go mbeidh feidhm ag aon reachtaíocht náisiúnta amháin ***i gcás na*** nósanna imeachta

#### *Leasú*

2. I gcás ina bhfuil na nósanna imeachta soláthair á seoladh ag eintiteas comhpháirteach a chuir na Ballstáit rannpháirteacha ar bun, cuirfidh an t-eintiteas sin, ***i gcomhar lena fhochuideachtaí, i gcás inarb iomchuí,*** forálacha náisiúnta ceann de na Ballstáit sin i bhfeidhm agus, de mhaolú ar na Treoracha sin, is éard a bheidh sna forálacha sin na forálacha arna gcinneadh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 57(5) de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó pointe (a) d'Airteagal 39(5) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir mar is infheidhme, mura mbeidh comhaontú ann idir na Ballstáit rannpháirteacha lena bhforáiltear a mhalairt. Déanfar foráil i gcomhaontú den sórt sin, ar chaoi ar bith, go mbeidh

soláthair arna seoladh ag eintiteas comhpháirteach.

feidhm ag aon reachtaíocht náisiúnta amháin ***maidir leis na*** nósanna imeachta soláthair arna seoladh ag eintiteas comhpháirteach ***agus, i gcás inarb iomchuí, ag a fhochuideachtaí, don tionscadal uile.***

## Leasú 50

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***Arna*** iarraidh sin do thionscnóir tionscadail nó do Bhallstát, i gcomhréir leis na cláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais agus gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, cuirfidh an tAontas cúnamh teicniúil ar fáil do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a éascú.

*Leasú*

***Arna*** iarraidh sin do thionscnóir tionscadail nó do Bhallstát, i gcomhréir leis na cláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais agus gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, cuirfidh an tAontas cúnamh teicniúil, ***comhairleach agus airgeadais*** ar fáil do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus chun cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a éascú ***ag gach céim den phróiseas.***

## Leasú 51

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 11 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 4, 5, 6 agus Airteagal 7 in aon Bhallstát ar leith ón dáta a ainmneoidh an Ballstát sin an t-údarás inniúil aonair i gcomhréir le hAirteagal 5(1).***

***Foilseoidh an Coimisiún fógra san Irish Oifigiúil nuair a bheidh na forálacha sin***

*infheidhme i mBallstát.*

---